IARSCRÍBHINN V

## Samhail Pointe Sonraí (SPS) agus rialacha bailíochtaithe

### Cuid I: Samhail pointe sonraí aonair

Ba cheart na míreanna sonraí ar fad a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Treoirlínte seo a athrú go dtí samhail pointe sonraí aonair, ar bunús í le haghaidh chórais aonfhoirmeacha TF na n-institiúidí agus na n-údarás inniúil.

Ba cheart go mbeadh na critéir seo a leanas á gcomhlíonadh ag an tsamhail pointe sonraí aonair:

(a) Cuirtear ar fáil léiriú struchtúrtha ar na míreanna sonraí ar fad a leagtar amach in Iarscríbhinn I.
(b) Sainaithnítear na coincheapa gnó uile a leagtar amach in Iarscríbhinn II.
(c) Cuirtear ar fáil foclóir sonraí ina sainaithnítear lipéid táblaí, lipéid ordanáidí, lipéid aiseanna, lipéid fearann, lipéid toisí agus lipéid ball.
(d) Cuirtear ar fáil méadracht lena sainmhínítear airí nó méid na bpointí sonraí.
(e) Cuirtear ar fáil sainmhínithe ar phointí sonraí a chuirtear in iúl mar chomhdhéanamh saintréithe a shainaithníonn an coincheap gan débhrí.
(f) Áirítear na sonraíochtaí teicniúla ábhartha ar fad is gá chun réitigh tuairiscithe TF a fhorbairt a chuirfidh sonraí maoirseachta aonfhoirmeacha ar fáil.

### Cuid II: Rialacha bailíochtaithe

Ba cheart go mbeadh na míreanna sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Treoirlínte seo faoi réir rialacha bailíochtaithe lena n-áirithítear cáilíocht agus comhsheasmhacht sonraí.

Ba cheart go mbeadh na critéir seo a leanas á gcomhlíonadh ag na rialacha bailíochtaithe:

(a) Sainmhínítear iontu an caidreamh loighciúil idir pointí sonraí ábhartha.
(b) Áirítear iontu scagairí agus réamhchoinníollacha lena sainmhínítear tacar sonraí a bhfuil feidhm ag riail bhailíochtaithe ina leith.
(c) Seiceálann siad comhsheasmhacht na sonraí tuairiscithe.
(d) Seiceálann siad cruinneas na sonraí tuairiscithe.
(e) Leagann siad síos luachanna réamhshocraithe ba cheart a chur i bhfeidhm i gcás nár tuairiscíodh an fhaisnéis ábhartha.